Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht

An Bhruiséil, 23 Iúil 2026

CM 3756/1/26
REV 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0429(COD)**

**CODEC**
**JAI**
**ENFOPOL**
**CRIMORG**
**IXIM**
**DATAPROTECT**
**CYBER**
**COPEN**
**FREMP**
**TELECOM**
**COMPET**
**MI**
**CONSOM**
**DIGIT**
**PROCED**

# TEACHTAIREACHT

## AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | codecision.adoption@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | +32.2.281.2480 |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE a mhéid a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac **(an dara léamh)**<br>Toradh an nós imeachta i scríbhinn arna thionscnamh le CM 3755/26:<br>– Na leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa a fhormheas<br>**= DEIREADH AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN** |

Cuirtear in iúl do na toscaireachtaí gur tugadh an nós imeachta i scríbhinn, arna oscailt le CM 3755/26 an 22 Iúil 2026, chun críche an 23 Iúil 2026 agus gur vótáil na toscaireachtaí uile, cé is moite den Ungáir, a vótáil i gcoinne, agus an Bheilg, a staon ón vótáil, i bhfabhar fhormheas na leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa ar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh i ndáil leis an Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE a mhéid a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac, mar a leagtar amach in 11703/26 iad agus tar éis athbhreithniú dlíthiúil agus teanga a dhéanamh orthu in PE-CONS 14/26.

Sroicheadh an tromlach cáilithe is gá. Dá bhrí sin, formheastar leasuithe Pharlaimint na hEorpa ar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus glactar an gníomh lena mbaineann.

Tá an ráiteas ón bhFrainc le feiceáil san Iarscríbhinn a ghabhann leis an CM seo agus déanfar é a áireamh san achoimre ar ghníomhartha arna nglacadh tríd an nós imeachta i scríbhinn mar ráitis atá le cur isteach i miontuairiscí na Comhairle, i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.

**D'iarr an Fhrainc go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle**

Athdhearbhaíonn údaráis na Fraince go dtacaíonn siad leis an gcuspóir mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac go héifeachtach agus creat dlíthiúil a bhunú dírithe ar na dúshláin a bhaineann leis an ábhar sin a bhrath.

Is díol sásaimh dóibh, mar sin, gur cuireadh síneadh leis an réimse ábhair is féidir le soláthraithe seirbhíse a bhrath ar líne ar bhonn deonach go dtí mí Aibreáin 2028 sa téacs a ghlac Parlaimint na hEorpa ar an dara léamh.

Mar sin féin, is cúis mhór imní dóibh an leasú a ghlac Parlaimint na hEorpa maidir le cumarsáid chriptithe a eisiamh. Tá an fhoclaíocht a úsáidtear an-fhairsing.

Ina theannta sin, measann údaráis na Fraince nár cheart teacht roimh chonclúidí an tsainghrúpa maidir le criptiú arna bhunú ag an gCoimisiún, a bhfuil súil leo i mí na Samhna agus a mbeidh treochlár teicneolaíoch á bhunú orthu.

Ní theastaíonn uathu moill a chur ar ghlacadh an téacs agus chun gur féidir foláirimh a atosú ar bhonn rialachán an mhaolaithe, toilíonn siad le formheas an téacs ach is oth leo nárbh fhéidir na saincheisteanna a bhaineann le rochtain ar shonraí a phlé ar bhealach sásúil le linn na caibidlíochta. Ba cheart idirdhealú soiléir a dhéanamh idir an téacs seo agus an dréachtrialachán le go mbunófaí córas buan chun ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne a bhrath.